
NCCA
An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment



# Foghlaim páistí i mBunscoileanna agus Scoileanna Speisialta: Céard, Cén fáth agus Conas?

## Faisnéis do thuismitheoirí

# Réamhrá

I do cháil mar thuismitheoir[1] tá tú ar an duine is tábhachtaí i saol do pháiste. Cuidíonn tú leo cuid mhór rudaí tábhachtacha a fhoghlaim agus de réir mar a ghluaiseann do pháiste tríd an mbunscoil, déanann do chuidiú agus spreagadh leanúnach difear mór ina dturas foghlama. Sa leabhrán seo, soláthraítear faisnéis faoi fhoghlaim do pháiste i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta. Áirítear moltaí ann freisin maidir le conas is féidir leat oibriú le scoil do pháiste chun tacú le foghlaim agus forbairt do pháiste.

## Céard atá i gceist le Curaclam na Bunscoile?

Le Curaclam na Bunscoile, tugtar breac-chuntas ar an méid ba cheart do pháistí a fhoghlaim agus ar conas a fhoghlaimíonn páistí trí na ceithre chéim den bhunscoil, mar is cuí dá gcuid riachtanas, ábhar spéise agus cumais.

- **Céim 1:** Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha
- **Céim 2:** Rang a hAon agus Rang a Dó
- **Céim 3:** Rang a Trí agus a Rang a Ceathair
- **Céim 4:** Rang a Cúig agus Rang a Sé

### Tá sé d'aidhm ag an gcuraclam:

- bunchloch láidir a sholáthar do gach páiste chun go mbeidh siad faoi bhláth agus faoi rath
- tacú le gach páiste barr a gcumais a bhaint amach.

Aithnítear sa churaclam go bhfuil gach páiste uathúil, inniúil agus comhbhách. Aithnítear ann go bhfuil an ceart ag gach páiste leanúint de bheith ag foghlaim agus ag forbairt de réir mar a fhásann siad. Is ann d'ocht bprionsabal lena léirítear a bhfuil tábhachtach in oideachas do pháiste. Leo sin treoraítear conas a fhoghlaimíonn páistí, conas a mhúineann múinteoirí agus conas a dhéantar measúnú ar an dul chun cinn.

| Prionsabal | Cén tionchar a bheidh aige sin ar do pháiste? |
|---|---|
| **Timpeallachtaí Foghlama** | Tacaítear le páistí ina gcuid foghlama ar fud réimse timpeallachtaí, taobh istigh agus amuigh faoin aer araon. |
| **Oideachas Ionchuimsitheach agus Éagsúlacht** | Fáiltítear roimh pháistí ar scoil agus bíonn deiseanna acu a bheith ag foghlaim ar bhealaí a n-oireann dá gcuid riachtanas, ábhar spéise agus cumais foghlama uathúla. Déantar cosúlachtaí agus difríochtaí a cheiliúradh, rud a chinntíonn go mbraitheann gach páiste go bhfuil meas orthu agus go gcuimsítear iad ina seomra ranga agus ina scoil. |
| **Gníomhú agus Rannpháirtíocht** | Déanann páistí roghanna mar chuid dá bhfoghlaim. Bíonn deiseanna acu a bheith cruthaitheach agus oibriú le daoine eile. |
| **Measúnú agus Dul chun Cinn** | Oibríonn páistí, múinteoirí, tuismitheoirí agus, uaireanta, gairmithe ábhartha eile (mar shampla, teiripeoirí urlabhra, síceolaithe) le chéile chun cuidiú le tuiscint a fháil ar conas a fhoghlaimíonn agus a fhorbraíonn páistí agus ar conas is féidir leo dul chun cinn a dhéanamh. |

Tábla ar leanúint thall →

[1] Le 'tuismitheoir' tagraítear do mháithreacha, aithreacha agus iad sin ar a bhfuil freagracht tuismitheora i gcaidrimh thuismitheoireachta dhifriúla. Orthu sin, is féidir go n-áireofar tuismitheoirí altrama, tuismitheoirí uchtála, leastuismitheoirí, caomhnóirí dlíthiúla agus cúramóirí.

| Prionsabal | Cén tionchar a bheidh aige sin ar do pháiste? |
|---|---|
| **Aistrithe agus Leanúnachas** | Sa bunscoil, cuirtear le foghlaim páistí sa bhaile agus sa réamhscoil, agus soláthraítear bunchlocha don fhoghlaim san iar-bhunscoil. Tacaítear le páistí le gach céim a ghlacann siad ar a dturas oideachasúil. |
| **Caidrimh** | Spreagtar páistí chun bheith ag foghlaim trí chaidrimh chomhbhácha laistigh de phobal na scoile. |
| **Oideolaíocht** | Ciallaíonn oideolaíocht conas a mhúineann múinteoirí agus conas a fhoghlaimíonn páistí. Úsáideann múinteoirí réimse cur chuige a oireann do na páistí sa rang ar an mbealach is fearr agus ar cruthaíodh ina leith go n-oibríonn siad go maith. |
| **Comhpháirtíochtaí** | Oibríonn scoileanna, tuismitheoirí, teaghlaigh, gairmithe ábhartha agus pobail le chéile chun tacú le foghlaim agus forbairt páistí. |

**Tábla 1:** Prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe

I gCuraclam na Bunscoile, áirítear freisin seacht bpríomhinniúlacht do pháistí. Leis na hinniúlachtaí, déantar cur síos ar an eolas, na scileanna agus na dearcthaí a thacaíonn le páistí ina gcuid foghlama agus forbartha. Aithnítear leo go bhfásann, go bhfoghlaimíonn agus go bhforbraíonn páistí scileanna saoil tábhachtacha trí gach a ndéanann siad ar scoil – bíodh sé trí bheith páirteach i gceachtanna spraíúla agus tarraingteacha, trí idirghníomhú le daoine eile nó trí dul i dtaithí ar na gnáthaimh laethúla.

| Príomhinniúlacht | Cén tionchar a bheidh aige sin ar do pháiste? |
|---|---|
| **A bheith i do shaoránach gníomhach** | Tuiscint a fháil ar na cearta agus na freagrachtaí atá acu féin agus ag daoine eile agus conas gníomhartha dearfacha a dhéanamh chun domhan atá níos inbhuanaithe agus níos córa a chruthú. |
| **A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach** | A bheith ag imirt, ag foghlaim agus ag obair ina n-aonair agus le daoine eile, chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama, fadhbanna a réiteach agus spriocanna a leagan síos don fhoghlaim amach anseo. |
| **A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid** | A bheith ag foghlaim faoi smaointe a chomhroinnt ar bhealaí difriúla, agus faoi bheith ag éisteacht le cion daoine eile agus faoi mheas a léiriú air sin. |
| **A bheith cruthaitheach** | A bheith fiosrach faoi eispéiris chruthaitheacha agus shamhlaíocha, páirt a ghlacadh iontu agus taitneamh a bhaint astu. |
| **A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach** | Úsáid a bhaint as réimse teicneolaíochtaí digiteacha go cruthaitheach agus a bheith ag foghlaim faoi bheith freagrach agus sábháilte ar líne. |
| **A bheith matamaiticiúil** | An mhatamaitic a fheiceáil sa domhan timpeall orthu agus úsáid a bhaint as an matamaitic chun fadhbanna a réiteach agus ciall a bhaint as an domhan. |
| **A bheith slán** | A bheith ag tacú leo chun bheith sláintiúil agus a gcuid folláine fisiciúla, sóisialta, mothúchánaí agus spioradálta a fhorbairt. |


**Tábla 2:** Príomhinniúlachtaí



# Céard a fhoghlaimíonn mo pháiste ar scoil?

## Eagraítear foghlaim páistí ar fud réimsí agus ábhair sa churaclam lena n-áirítear:

- Teanga (Gaeilge agus Béarla le Nuatheangacha Iasachta tugtha isteach i gCéim 3 agus 4)
- Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM)
- Folláine (Corpoideachas agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte [OSPS])
- Oideachas Ealaíon (Ealaín, Drámaíocht agus Ceol)
- Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (Tíreolaíocht agus Stair).





**Fíor 1:** Réimsí agus ábhair sa churaclam



- I gcéimeanna 1 agus 2 (Rang na Naíonán Sóisearach go Rang a Dó), foghlaimíonn páistí trí réimsí leathana curaclaim. Cuidíonn sin le páistí a gcuid foghlama a cheangal leis an saol laethúil agus tugtar solúbthacht do mhúinteoirí chun eispéiris tharraingteacha a chruthú, atá nasctha le topaicí agus ábhair dhifriúla.
- I gcéimeanna 3 agus 4 (Rang a Trí go Rang a Sé), de réir mar a ghluaiseann páistí trí na bunranganna, eagraítear na réimsí leathana curaclaim sin in ábhair níos sonraí chun a bhfeasacht mhéadaitheach ar ábhair a léiriú mar bhealach chun an domhan timpeall orthu a eagrú.
- Maidir le páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu (RSO), pléifidh siad leis na réimsí curaclaim, na hábhair agus na céimeanna difriúla mar is cuí dá gcuid riachtanas, ábhar spéise agus inniúlachtaí.
- Ina theannta sin, is é pátrún na scoile a fhorbraíonn Clár an Phátrúin agus é mar aidhm aige sin rannchuidiú le forbairt iomlánaíoch páistí, go háirithe ó thaobh reiligiúnach agus/nó eiticiúil de, agus bíonn sé mar bhonn agus mar thaca ag spiorad saintréitheach na scoile.

# Conas a fhoghlaimíonn mo pháiste ar scoil?

Trí Churaclam na Bunscoile, foghlaimeoidh do pháiste ar roinnt mhaith bealaí difriúla amhail a bheith ag fiosrú, ag dul i mbun cumarsáide, ag gluaiseacht, ag dul i mbun machnaimh, ag cruthú, ag dul i mbun cur i láthair, ag freagairt, ag iniúchadh agus ag réiteach fadhbanna. Mar a léirítear i bhFíor 2, úsáideann múinteoirí roinnt mhaith cur chuige difriúil agus, i gcás inar féidir, tabharfaidh siad páirt do pháistí agus eispéiris foghlama atá oiriúnach agus tarraingteach á roghnú acu.




**Fíor 2:** Sampla de chuir chuige oideolaíochta san oideachas bunscoile

Déantar cur síos thíos ar shamplaí de roinnt cur chuige, lena n-áirítear súgradh, idirphlé, teagasc follasach agus comhtháthú.

## Súgradh

Tá súgradh agus eispéiris spraíúla ina ngnéithe tábhachtacha de conas a fhoghlaimeoidh do pháiste ar scoil. Trí shúgradh, cothaítear cruthaitheacht, réiteach fadhbanna agus idirghníomhaíocht shóisialta, agus foghlaim á feabhsú trí bheith idirghníomhach, tarraingteach agus spraíúil. Cinnteoidh múinteoirí go gceanglaíonn eispéiris foghlama spraíúla leis an bhfoghlaim sa churaclam agus le hábhair spéise do pháiste, mar shampla, tabhairt faoi amhránaíocht agus cluichí rithime, róbait a ríomhchlárú, bealach céadfach a réiteach chun an timpeallacht nádúrtha áitiúil a iniúchadh, nó cluichí a imirt.



## Oideolaíocht idirphlé

Ar scoil, foghlaimíonn páistí trí idirphlé trí bheith ag idirghníomhú, ag caint agus smaoineamh le chéile. Trína gcuid smaointe agus tuairimí a chur in iúl do pháistí eile agus don mhúinteoir, is féidir cuidiú lena dtuiscint a fhorbairt a thuilleadh agus tacú leo a gcuid tuairimí a chomhroinnt. Úsáidfidh múinteoirí réimse cur chuige, amhail gníomhaíochtaí ama ciorcail, chun páistí a chur i mbun cumarsáide, cainte agus plé, agus é á chinntiú go dtabharfar cluas do ghuth gach páiste agus go mbeidh meas air.

## Teagasc follasach

In amanna, comhroinnfidh múinteoirí foghlaim nua go díreach leis na páistí ar bhealach céim ar chéim agus samplaí á n-úsáid. Mar shampla, agus rialacha sábháilteachta á múineadh, is féidir go soláthróidh múinteoir taispeántas ar dtús sula gcuirfidh siad ceisteanna agus sula soláthróidh siad deiseanna do pháistí chun cleachtadh a dhéanamh le tacaíocht. De réir mar fhoghlaimíonn páistí agus mar a éiríonn siad níos muiníní, tosóidh siad ag cleachtadh go neamhspleách le gníomhaíochtaí ag an leibhéal ceart dúshláin. Aimseoidh an múinteoir cothromaíocht idir a bheith ag taispeáint do pháistí conas rudaí a dhéanamh, agus spreagadh a thabhairt dóibh a bheith ag fiosrú, fadhbanna a réiteach agus fiosruithe a dhéanamh le linn na foghlama.

## Comhtháthú

Chun cuidiú le ceangal le foghlaim do pháiste agus lena feabhsú, is minic a ullmhóidh múinteoirí eispéiris foghlama ar a n-áirítear níos mó ná réimse curaclaim nó ábhar amháin (comhtháthú). Mar shampla, is topaic é 'bia' ar féidir é a úsáid chun iniúchadh a dhéanamh ar mhaireachtáil shláintiúil (Folláine), fuinneamh (ETIM) agus cleachtais chultúrtha a bhaineann le bia (Oideachas Sóisialta agus Imshaoil). Leis na heispéiris chomhtháite foghlama sin, cuideofar le páistí a gcuid foghlama ar scoil a cheangal lena saol laethúil.

Agus úsáid á baint as an gcur amach atá acu ar an gcuraclam, ar chuir chuige teagaisc agus ar na páistí sa rang, roghnóidh múinteoirí na bealaí is fearr chun tacú le foghlaim agus forbairt do pháiste, bealaí a mbainfidh éagsúlacht leo. Is éard a d'fhéadfadh a bheith i gceist le samplaí eile tionscadail a bheith á gcur i gcrích ag páistí, turgnaimh a bheith á ndéanamh acu, iad a bheith ag éisteacht le scéalta agus taithí phraiticiúil a bheith á fáil acu taobh istigh agus amuigh faoin aer.

### Tuiscint a fháil ar fhoghlaim agus forbairt do pháiste (Measúnú)

Tá measúnú ina chuid riachtanach d'fhoghlaim agus teagasc lena gcuidítear le láidreachtaí gach páiste, réimsí inar féidir go mbeidh níos mó tacaíochta acu, agus na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama, a shainaithint. Is éard atá i gceist leis go mbeadh páistí, múinteoirí agus, in amanna, gairmithe ábhartha eile ag obair le chéile chun fáil amach faoi fhoghlaim páiste ar fud an churaclaim agus faoina bhforbairt trí chéile. Is féidir go mbaileoidh múinteoir do pháiste faisnéis ar chuid mhór bealaí difriúla lena n-áirítear: cumarsáid a dhéanamh le do pháiste agus éisteacht leo, ceisteanna a chur, breathnóireacht a dhéanamh ar do pháiste agus iad ag idirghníomhú le daoine eile, an dóigh a dtugann do pháiste faoi thascanna a thabhairt faoi deara agus, uaireanta, trí thástálacha deartha ag an múinteoir agus tástálacha caighdeánaithe.



# Conas is féidir liom tacú le foghlaim mo pháiste sa bhaile?

Is é an bealach is tábhachtaí is féidir leat tacú le foghlaim do pháiste sa bhaile ná spéis a léiriú ina bhfuil á dhéanamh ag do pháiste ar scoil. Trí chúpla céim shimplí agus réimse gníomhaíochtaí laethúla, is féidir leat difríocht mhór a dhéanamh dá gcuid foghlama. Seo a leanas seacht mbealach chun tacú le foghlaim do pháiste gach lá.

## 1 Dreas cainte a dhéanamh

Cuir ceisteanna ar do pháiste agus déan dreas cainte leo faoi chodanna difriúla dá lá. Féach le ceisteanna oscailte agus tacaíochtaí físiúla a úsáid lena spreagtar do pháiste chun níos mó ná freagra is ea nó ní hea a thabhairt amhail, *An féidir labhairt liom faoi do phictiúr?* sAch dreas cainte a dhéanamh le do pháiste agus dearcadh dearfach a bheith agat faoi na codanna uile den churaclam, cuidítear le foghlaim do pháiste.

## 2 Cuid den saol laethúil a dhéanamh den fhoghlaim

Ach dreas cainte a dhéanamh le do pháiste agus dearcadh dearfach a bheith agat faoi na codanna uile den churaclam, cuidítear le foghlaim do pháiste. Ar na deiseanna laethúla chun a gcuid foghlama a cheangal, is féidir go n-áireofar idirghníomhú le daoine ina gceantar, léamh léarscáileanna ar shiúlóid, airgead/rudaí a chomhaireamh nó a thomhas, plandaí agus ainmhithe a thabhairt faoi deara ar shiúlóidí nó scileanna sábháilteachta a úsáid amhail an bóthar a thrasnú i gcásanna difriúla.

## 3 Cumarsáid a dhéanamh le múinteoir do pháiste

Téann sé chun sochair do pháistí nuair a oibríonn tuismitheoirí agus scoileanna le chéile toisc go gcuidíonn sin leo a bhrath go bhfuil tacaíocht acu agus go bhfuil muinín acu as a gcuid foghlama, mar shampla, is féidir gurb é a bheidh i gceist leis sin oibriú go deonach nó freastal ar imeachtaí scoile. Ach am a thógáil chun cumarsáid a dhéanamh le múinteoirí do pháiste trí fhreastal ar chruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí, léirítear do do pháiste go bhfuil tábhacht lena gcuid oideachais agus is féidir leis sin cuidiú leat freisin leanúint de bheith ar an eolas agus tacú le foghlaim do pháiste.

## 4 Spreagadh a sholáthar

Déanann spreagadh agus moladh ó na daoine tábhachtacha ina saol leas do pháistí. Is féidir leis sin cuidiú leo a gcuid muiníne agus díograise chun foghlama a fhás. Ceiliúir agus mol do pháiste as a gcuid iarrachta agus feabhsaithe, seachas a bheith ag díriú ar rudaí a dhéanamh i gceart agus air sin amháin. Mar shampla, *Rinne tú an-jab ar do chuid scríbhneoireachta inniu, feicim go bhfuil tú ag obair go han-chrua ar an gcleachtadh.* Tá tábhacht le spreagadh freisin nuair atá do pháiste ag streachailt le rud éigin, mar shampla, *Táim an-bhródúil as an gcaoi ar choinnigh tú ort ag iarraidh barr feabhais a chur ar do chumas scipeála. Bhí foighne agus iarracht ag teastáil chun coinneáil leis - maith thú.* Is mór an cuidiú iad focail spreagúla chun cuidiú le do pháiste coinneáil orthu i mbun iarrachta agus rudaí a oibriú amach.

## 5 Léitheoireacht

Nuair a léann tuismitheoirí agus daoine den teaghlach dá bpáistí, agus nuair a éisteann siad lena gcuid páistí ag léamh, cuidíonn sin go mór leo tacú lena gcuid foghlama agus dul chun cinn a dhéanamh ar fud na réimsí uile den churaclam. Spreag do pháiste chun bheith ag léamh sa bhaile trí leabhair, irisleabhair nó téacsanna eile ina gcuireann do pháiste spéis a aimsiú. Is féidir é a bheith ina chuidiú freisin cuairt a thabhairt ar do leabharlann áitiúil le chéile chun a chinntiú go mbeidh an léitheoireacht mar chuid de do ghnáthamh laethúil. Labhair le do pháiste faoina bhfuil á léamh acu agus cuir ceisteanna orthu lena spreagtar iad chun a gcuid smaointe agus tuairimí a chomhroinnt amhail, Cad é *a tharlóidh anois, dar leat?*


## 6 A bheith ag súgradh

Cuidíonn an súgradh le do pháiste ar roinnt mhaith bealaí difriúla. Cuir am i leataobh chun réimse cluichí spraíúla a imirt le do pháiste ar bhonn rialta. Is féidir le foirmeacha difriúla a bheith i gceist le súgradh agus beidh cuma dhifriúil air de réir mar a fhásann do pháiste. Taitníonn sé le páistí atá níos óige agus níos sine a bheith ag súgradh le bloicíní, maighnéid a fhiosrú, turgnamh a dhéanamh ar fhearais róbataice agus tabhairt faoi ghníomhaíochtaí scannán beochana agus códúcháin; a bheith ag súgradh go cruthaitheach agus go samhlaíoch agus úsáid á baint as péinteanna, taos súgartha, cré agus ábhair eile; imeartas teanga le puipéid, seanchas, tomhais agus cluichí focal; gluaiseacht agus súgradh fisiciúil; agus míreanna mearaí a réiteach, cluichí cláir a imirt, cluichí códúcháin a fhiosrú agus a gcuid cluichí féin a dhearadh.

Spreag do pháiste chun cineálacha difriúla súgartha a thriail agus ná dearmad a bheith páirteach! Lig do do pháiste an súgradh a threorú, lean a sampla agus bain súp as. Tríd an súgradh, forbraíonn páistí cuid mhór scileanna tábhachtacha amhail réiteach fadhbanna, cumarsáid agus úsáid teanga, le linn dóibh a bheith ag baint súp as agus a bheith ag cothú caidrimh dhearfacha le daoine eile.

## 7 Ag tacú le gníomhaíochtaí foghlama baile a mhol an scoil

Le linn a mblianta bunscoile, soláthrófar, uaireanta, réimse gníomhaíochtaí foghlama difriúla do do pháiste don bhaile, agus is féidir go mbeidh obair bhaile nó gníomhaíochtaí eile, nach mbaineann le hobair scríofa, san áireamh leo. Athróidh an múinteoir an cineál gníomhaíochtaí foghlama baile de réir riachtanais do pháiste agus a gcéime forbartha. Is féidir leat cuidiú le do pháiste trí pháirt ghníomhach a ghlacadh in aon fhoghlaim bhaile lena n-éilítear daoine den teaghlach (mar shampla, léitheoireacht, tionscadail, obair bhaile ghníomhach, srl.). Má bhíonn cuidiú de dhíth ar do pháiste, spreag iad chun na fadhbanna a réiteach iad féin nó tabhair leideanna cuiditheacha, seachas na gníomhaíochtaí a dhéanamh dóibh.



# Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach tacú le foghlaim mo pháiste sa bhaile?

Tá tábhacht le tacú le foghlaim do pháiste sa bhaile ar roinnt cúiseanna, ós rud é:

- **go mbíonn sin ina chuidiú ag do pháiste chun cuimhneamh ar rudaí agus tuiscint níos fearr a fháil orthu.**

  Ach cuidiú le do pháiste foghlaim sa bhaile, tacaítear lena bhfuil á fhoghlaim acu ar scoil agus is féidir cuidiú leo freisin níos mó fós a fhoghlaim.

- **go mbíonn sin ina thaca le hinspreagadh agus muinín do pháiste.**

  Ach dearcadh dearfach a léiriú i leith na scoile agus na foghlama ar fud na réimsí difriúla uile den churaclam, is féidir tionchar mór a bheith aige sin ar an dóigh a dtéann do pháiste i mbun foghlama. Is féidir nár thaitin ábhair áirithe leat ar scoil, ach tá do pháiste ar a dturas foghlama féin, agus cuideoidh do dhearcadh dearfach leo muinín a chothú agus leanúint de bheith spreagtha. Ach tacú le foghlaim do pháiste agus spéis a léiriú inti, tá tú ag gníomhú mar eiseamláir dhearfach. Nuair is eol do do pháiste go bhfuil spéis agat ina gcuid foghlama, is féidir leis sin a bheith ina chuidiú chun a gcuid inspreagtha agus rannpháirteachais ar scoil a fheabhsú agus iad a spreagadh chun coinneáil orthu ag déanamh iarrachta nuair a mhothaíonn siad gur deacair a bheith ag foghlaim.

- **go bhforbraíonn sin comhpháirtíocht bhaile agus scoile dhearfach.**

  Tá tábhacht le caidrimh dhearfacha agus cumarsáid mhaith idir tuismitheoirí agus scoileanna chun tacú le foghlaim agus forbairt do pháiste. Tríd an gcumarsáid sin, cumasaítear do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí faisnéis a chomhroinnt faoi fhoghlaim do pháiste sa scoil agus lasmuigh di. Trí chuidiú le do pháiste a bheith ag foghlaim sa bhaile tugtar faisnéis úsáideach duit is féidir leat a chomhroinnt lena múinteoir. Cuidíonn sin leis an múinteoir tacú le do pháiste ar bhealach níos fearr fós.

  Ach tacú le foghlaim do pháiste sa bhaile is féidir difríocht mhór a dhéanamh dá gcuid dul chun cinn agus forbartha. Fáilteoidh múinteoir do pháiste roimh do thacaíocht agus do rannpháirtíocht i gcónaí agus beidh siad toilteanach do chuid ceisteanna a fhreagairt.

**Is féidir teacht ar thuilleadh faisnéise do thuismitheoirí maidir le Curaclam na Bunscoile agus treoir maidir le tacú le foghlaim do pháiste ar:**

www.ncca.ie

www.curriculumonline.ie

Seol ríomhphost chuig CNCM ag: info@ncca.ie

